2024/1543

31.5.2024

AISTRIÚCHÁN

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

agus

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH SPÁIS, dá ngairtear 'GES' anseo feasta,

dá ngairtear na 'Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

AG FÉACHAINT don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

AG FÉACHAINT don Choinbhinsiún lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, arna dhéanamh i bPáras an 30 Bealtaine 1975 agus a tháinig i bhfeidhm an 30 Deireadh Fómhair 1980,

AG FÉACHAINT don Chomhaontú idir na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Spáis agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a chosaint agus a mhalartú, arna dhéanamh i bPáras an 19 Lúnasa 2002 agus a tháinig i bhfeidhm an 23 Meitheamh 2003,

DE BHRÍ gur cuspóir do na Páirtithe araon a slándáil féin a neartú ar gach bealach,

DE BHRÍ go gcomhaontaíonn na Páirtithe gur cheart comhar a fhorbairt eatarthu maidir le ceisteanna leasa choitinn a bhaineann leis an tslándáil agus gur fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Comhairle GES araon an 22 Bealtaine 2007 rún maidir leis an mBeartas Eorpach Spáis ina gcuirtear i dtábhacht, *inter alia*, an gá atá le sineirgí a fheabhsú i réimse na slándála,

DE BHRÍ sa chomhthéacs sin, go bhfuil riachtanas buan ann, dá bhrí sin, faisnéis rúnaicmithe a mhalartú idir na Páirtithe,

Á AITHINT DÓIBH go bhféadfadh sé go n-éileodh comhar agus comhairliúchán iomlán éifeachtach rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe na bPáirtithe agus malartú na faisnéise sin,

Á AITHINT DÓIBH go bhféadfadh sé go mbeadh ar GES faisnéis rúnaicmithe Aontais a chruthú i gcomhthéacs cláir áirithe de chuid an Aontais,

ÓS FEASACH DÓIBH go bhfuil bearta slándála iomchuí de dhíth chun faisnéis rúnaicmithe a rochtain, a mhalartú agus a chruthú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Cuspóir

Chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le slándáil gach Páirtí a neartú ar gach bealach, an Comhaontú sin idir an tAontas agus GES maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe beidh feidhm aige maidir le faisnéis rúnaicmithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2 arna soláthar ag Páirtí amháin ('an Páirtí is soláthraí') don Pháirtí eile ('an Páirtí is faighteoir') nó a mhalartaítear idir na Páirtithe.

Airteagal 2

Sainmhíniú ar fhaisnéis rúnaicmithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn 'faisnéis rúnaicmithe' aon fhaisnéis nó aon ábhar, in aon fhoirm, ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) cinneann ceachtar Páirtí gur gá an fhaisnéis nó an t-ábhar sin a chosaint toisc go bhféadfadh caillteanas nó nochtadh neamhúdaraithe a bheith ina chúis le leibhéil éagsúla dochair do leasanna GES nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó do leasanna an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit; agus

(b) tá an fhaisnéis nó an t-ábhar marcáilte i gcomhréir leis an tábla coibhéise a leagtar amach sa socrú cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 4(2).

Airteagal 3

Na páirtithe sa Chomhaontú

1. Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis an Aontas agus le GES.

2. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallóidh 'an tAontas' an Chomhairle Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta), Ardrúnaíocht na Comhairle, an Coimisiún Eorpach, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (dá ngairtear 'SEGS' anseo feasta).

Airteagal 4

Údaráis slándála inniúla

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, is iad seo a leanas na húdaráis slándála inniúla:

(a) i gcás GES, Oifig Slándála GES, faoi údarás Ard-Stiúrthóir GES;

(b) i gcás an Aontais:

(i) Stiúrthóireacht um Shábháilteacht agus Slándáil Ardrúnaíocht na Comhairle, faoi threoir agus thar ceann Ardrúnaí na Comhairle, ag gníomhú di in ainm na Comhairle agus faoina húdarás;

(ii) Stiúrthóireacht Slándála na hArd-Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil an Choimisiúin Eorpaigh, faoi údarás Chomhalta an Choimisiúin atá freagrach as cúrsaí slándála; agus

(iii) Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Seirbhísí Corparáideacha SEGS, faoi údarás Ardrúnaí SEGS.

2. Bunóidh na húdaráis slándála inniúla dá dtagraítear i mír 1 socrú cur chun feidhme chun na caighdeáin a leagan síos maidir le cosaint agus coimirciú cómhalartach faisnéise rúnaicmithe a sholáthraítear nó a mhalartaítear faoin gComhaontú seo ('an Socrú Cur Chun Feidhme'), lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe an Aontais ('FRAE') arna cruthú ag GES i gcomhréir le hAirteagal 6.

3. I gcás GES, beidh an Socrú Cur Chun Feidhme faoi réir a fhormheasta ag Comhairle GES.

4. I gcás an Aontais, beidh an Socrú Cur Chun Feidhme faoi réir a fhormheasta ag Coiste Slándála na Comhairle.

Airteagal 5

Prionsabail slándála

Déanfaidh gach Páirtí na nithe seo a leanas:

(a) faisnéis rúnaicmithe an Pháirtí eile atá faoi réir an Chomhaontaithe seo a chosaint agus a choimirciú i gcomhréir leis an gComhaontú seo agus lena rialacha agus rialacháin is infheidhme féin;

(b) a áirithiú go gcoimeádfar an t-aicmiú slándála a thug an Páirtí is soláthraí don fhaisnéis rúnaicmithe a sholáthróidh an Páirtí eile nó a mhalartófar leis an bPáirtí sin faoin gComhaontú seo agus nach ndéanfar í a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón bPáirtí is soláthraí; déanfaidh an Páirtí is faighteoir an fhaisnéis rúnaicmithe sin a chosaint agus a choimirciú i gcomhréir lena chuid rialacha agus rialachán slándála féin maidir le faisnéis rúnaicmithe ag a bhfuil an t-aicmiú slándála coibhéiseach;

(c) gan an fhaisnéis rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo a úsáid ach chun na gcríoch sin arna mbunú ag an bPáirtí is soláthraí, ach amháin i gcás ina dtabharfaidh an Páirtí is soláthraí toiliú roimh ré i scríbhinn;

(d) gan faisnéis rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo a nochtadh do thríú páirtithe, nó d'aon institiúid nó eintiteas de chuid an Aontais nach dtagraítear dó in Airteagal 3(2), seachas i gcás ina bhfuil a thoiliú i scríbhinn tugtha ag an bPáirtí is soláthraí roimh ré;

(e) gan cead a thabhairt do dhaoine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo mura rud é go bhfuil gá acu le bheith ar an eolas agus, i gcás inarb infheidhme, go ndearnadh imréiteach slándála orthu go dtí an leibhéal is gá;

(f) a áirithiú go gcuirfear gach duine ag a bhfuil rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo ar an eolas faoin bhfreagracht atá ar an duine sin í a chosaint i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme;

(g) a áirithiú go ndéanfar faisnéis rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo a láimhseáil agus a stóráil i saoráidí atá daingnithe, rialaithe agus cosanta go hiomchuí i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme.

Airteagal 6

Cruthú faisnéise rúnaicmithe de chuid an Aontais ag GES

1. I gcás inar gá do GES FRAE a chruthú chun clár de chuid an Aontais a chur chun feidhme, cruthóidh GES FRAE i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa Socrú Cur Chun Feidhme.

2. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh FRAE arna chruthú ag GES de bhun mhír 1 faoi chosaint GES, ag gníomhú dó mar an Páirtí is faighteoir, i gcomhréir leis na prionsabail slándála a leagtar amach in Airteagal 5.

Airteagal 7

Faisnéis rúnaicmithe a scaoileadh agus a nochtadh

1. Ní dhéanfaidh an Páirtí is soláthraí faisnéis rúnaicmithe a scaoileadh nó a nochtadh ach amháin don Pháirtí is faighteoir i gcomhréir le prionsabal an rialaithe tionscnóra.

2. Maidir le scaoileadh faisnéise rúnaicmithe le faighteoirí seachas na faighteoirí sin dá dtagraítear in Airteagal 3 nó í a nochtadh dóibh sin, beidh ar an bPáirtí is faighteoir cinneadh a dhéanamh tar éis toiliú i scríbhinn a fháil ón bPáirtí is soláthraí, i gcomhréir le prionsabal rialú an tionscnóra mar a shainmhínítear i rialacha agus rialacháin slándála na bPáirtithe faoi seach.

3. Ní fhéadfar faisnéis rúnaicmithe a scaoileadh go cineálach chun críocha mhíreanna 1 nó 2 mura gcomhaontaítear nósanna imeachta agus mura mbunaítear iad idir na Páirtithe maidir le catagóirí áirithe faisnéise.

4. Ní mheasfar aon ní sa Chomhaontú seo mar bhonn chun faisnéis rúnaicmithe a scaoileadh go héigeantach idir na Páirtithe.

5. Ní sholáthrófar faisnéis rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo ach amháin do chonraitheoir nó conraitheoir ionchasach le toiliú i scríbhinn roimh ré ón bPáirtí is soláthraí nó ag leanúint treoracha arna n-eisiúint chuige sin ag an bPáirtí is soláthraí. Sula nochtfar aon fhaisnéis rúnaicmithe do chonraitheoir nó conraitheoir ionchasach, fíoróidh an Páirtí is faighteoir go bhfuil an t-imréiteach slándála saoráide is gá ag an gconraitheoir nó ag an gconraitheoir ionchasach, i gcás inarb infheidhme, dó féin agus go bhfuil na himréitigh shlándála iomchuí aige dá phearsanra a dteastaíonn rochtain uathu ar fhaisnéis rúnaicmithe.

Airteagal 8

Slándáil phearsanra

1. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar imréiteach slándála, i gcás inar gá, orthu sin go léir a dteastaíonn rochtain uathu, agus a ndualgais á ndéanamh acu, nó a fhaigheann rochtain trína ndualgais nó a bhfeidhmeanna, ar fhaisnéis rúnaicmithe a sholáthraítear nó a mhalartaítear faoin gComhaontú seo, sula dtabharfar rochtain dóibh ar an bhfaisnéis rúnaicmithe sin.

2. Déanfar nósanna imeachta imréitigh slándála a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin slándála faoi seach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rochtain a bheith ag duine aonair ar fhaisnéis rúnaicmithe, agus dílseacht agus iontaofacht an duine sin á gcur san áireamh.

Airteagal 9

Comhar slándála

1. Cuirfidh na Páirtithe cúnamh frithpháirteach ar fáil maidir le slándáil faisnéise rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo agus maidir le hábhair leasa choitinn slándála. Déanfaidh na húdaráis slándála inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(1) comhairliúcháin chómhalartacha slándála agus cuairteanna measúnaithe a chur i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an tSocraithe Cur Chun Feidhme.

2. Sula ndéanfaidh na Páirtithe faisnéis rúnaicmithe a sholáthar nó a mhalartú faoin gComhaontú seo, dearbhóidh na húdaráis slándála inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(1) go bhfuil an Páirtí is faighteoir in ann an fhaisnéis sin a chosaint agus a choimirciú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an Socrú Cur Chun Feidhme.

Airteagal 10

Faisnéis rúnaicmithe a tharchur

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) déanfar gach faisnéis rúnaicmithe a scaoilfear leis an Aontas faoin gComhaontú seo a sheoladh trí cheann de na clárlanna seo a leanas:

(i) clárlann lárnach Ardrúnaíocht na Comhairle, más chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle nó chuig Ardrúnaíocht na Comhairle a dhírítear í;

(ii) clárlann Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, más chuig an gCoimisiún Eorpach a dhírítear í;

(iii) clárlann Lárnach FRAE SEGS, má dhírítear chuig an Ardionadaí nó chuig SEGS í;

(b) déanfar gach faisnéis rúnaicmithe a scaoilfear le GES faoin gComhaontú seo a sheoladh chuig:

Oifig Slándála GES
Largo Galileo Galilei, 1
I-00044 Frascati
An Iodáil.

2. Más gá ar chúiseanna oibríochtúla sonracha, féadfar comhfhreagras ó Pháirtí amháin, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a sheoladh go díreach chuig an bPáirtí eile. Leagfar amach na nósanna imeachta comhfhreagracha sa Socrú Cur Chun Feidhme.

3. Déanfar tarchur leictreonach faisnéise rúnaicmithe idir an tAontas agus GES agus idir GES agus an tAontas a chriptiú i gcomhréir le ceanglais an Pháirtí is soláthraí mar a leagtar amach ina rialacha agus rialacháin is infheidhme. Leagfar amach sa Socrú Cur Chun Feidhme na coinníollacha comhfhreagracha faoina bhféadfaidh gach Páirtí faisnéis rúnaicmithe, arna soláthar ag an bPáirtí eile, a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ina líonraí inmheánacha.

Airteagal 11

Teagmhais slándála

1. Déanfaidh údarás slándála inniúil de chuid Páirtí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) údarás slándála inniúil an Pháirtí eile a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon chás cruthaithe nó amhrasta ina bhfuil nochtadh neamhúdaraithe nó caillteanas faisnéise rúnaicmithe arna soláthar ag an bPáirtí eile. Déanfaidh údarás slándála inniúil an Pháirtí ábhartha imscrúdú, le cúnamh ón bPáirtí eile más gá, agus tuairisceoidh sé na torthaí don Pháirtí eile.

2. Bunóidh na húdaráis slándála inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás ina gcuirfear faisnéis rúnaicmithe faoi réir an Chomhaontaithe seo i mbaol cruthaithe nó amhrasta, lena n-áirítear fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi na himthosca agus faoina ndearnadh chun atarlú a chosc.

Airteagal 12

Costais

Seasfaidh gach Páirtí a chostais féin a thabhóidh sé tríd an gComhaontú seo a chur chun feidhme.

Airteagal 13

Comhaontuithe eile

Ní chuirfidh an Comhaontú seo bac ar na Páirtithe comhaontuithe eile a thabhairt i gcrích a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe a sholáthar nó a mhalartú faoi réir an Chomhaontaithe seo ar choinníoll nach mbeidh na comhaontuithe sin contrártha d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 14

Maoirseacht

Déanfaidh Ard-Stiúrthóir GES, Ardrúnaí na Comhairle, an Comhalta den Choimisiún Eorpach atá freagrach as cúrsaí slándála agus an tArdionadaí maoirseacht ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 15

Díospóidí a réiteach

Tabharfar aghaidh trí chaibidlíocht idir na Páirtithe ar aon difríochtaí idir na Páirtithe a eascraíonn as léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Le linn na caibidlíochta sin, leanfaidh na Páirtithe dá n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh.

Airteagal 16

Séanadh

Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí an Comhaontú seo a shéanadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí eile i scríbhinn. Scoirfidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm 6 mhí tar éis don Pháirtí eile an fógra sin i scríbhinn a fháil, ach ní dhéanfaidh sé difear d'oibleagáidí atá déanta cheana faoin gComhaontú seo. Go háirithe, leanfaidh an fhaisnéis rúnaicmithe uile a sholáthrófar nó a mhalartófar faoin gComhaontú seo de bheith á láimhseáil ar bhealach go mbeidh sí faoi chosaint i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 17

Forálacha críochnaitheacha

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis na míosa ina mbeidh fógra tugtha ag an dá Pháirtí dá chéile gur chuir siad i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha ba ghá chun na críche sin.

2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi aon athruithe ar a gcuid rialacha agus rialachán a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint faisnéise rúnaicmithe atá faoi réir an Chomhaontaithe seo.

3. Féadfar an Comhaontú seo a athbhreithniú chun leasuithe a d'fhéadfadh a bheith ann a bhreithniú arna iarraidh sin ag ceachtar den dá Pháirtí.

4. Is i scríbhinn amháin a dhéanfar aon leasú ar an gComhaontú seo agus is le comhaontú na bPáirtithe a dhéanfar é. Tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis do na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile gur chuir siad i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha ba ghá chun na críche sin.

5. Déanfar na fógraí ó GES dá dtagraítear in Airteagal 16 agus san Airteagal seo a dhíriú, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, chuig Ardrúnaí na Comhairle.

Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach i mBéarla.

DÁ FHIANÚ SIN shínigh na daoine thíos-sínithe, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, an Comhaontú seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an dara lá is fiche de mhí na Bealtaine sa bhliain dhá mhíle is a fiche ceathair.

IARSCRÍBHINN

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS EORPACH AGUS ÓN nGNÍOMHAIREACHT EORPACH SPÁIS MAIDIR LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH SPÁIS MAIDIR LE SLÁNDÁIL AGUS MALARTÚ FAISNÉISE RÚNAICMITHE.

Le glacadh Rialachán (AE) 2021/696 ([1]) lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh (AE) um an gClár Spáis, leagadh roinnt cúraimí ar an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) i bhfianaise a saineolais i réimse an spáis. Mar gheall air sin, agus ar na hathruithe iomadúla a rinneadh ar thaobh an Aontais agus GES araon le cúpla bliain anuas, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis maidir le slándáil agus malartú faisnéis rúnaicmithe ([2]), ar comhaontú é a tugadh i gcrích in 2008.

Chuige sin, rinne an dá Pháirtí téacs comhaontaithe nua a chaibidil agus a thabhairt chun críche. Leis an gComhaontú seo, leagtar síos na caighdeáin maidir le faisnéis rúnaicmithe a sholáthraítear nó a mhalartaítear idir GES agus an tAontas a chosaint agus a choimirciú go cómhalartach.

Agus an Comhaontú seo á shíniú inniu, dearbhaíonn an dá Pháirtí go dtiocfaidh an Comhaontú seo in ionad an Chomhaontaithe idir GES agus an tAontas maidir le slándáil agus malartú faisnéise rúnaicmithe a síníodh sa Bhruiséil an 18 Iúil 2008, a scoirfidh d'fheidhm a bheith aige nuair a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

([1]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 219 an 14.8.2008, lch 69).

([2]) Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 219 an 14.8.2008, lch 59.